

**Leasú 162**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil****A9-0014/2024****Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Aithris 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(1) Ó 2001, nuair a glacadh Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>, maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) isteach sa chomhshaol sa chomhshaol, ***d'fhág dul chun cinn suntasach sa bhith-theicneolaíocht gur forbraíodh*** teicnící géanómaíocha nua (TGNanna), go nótáilte teicnící modhnaithe géanóim lena gcumasaítear athruithe a dhéanamh ar an ngéanóm ag suíomhanna beachta.

(1) Ó 2001, nuair a glacadh Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>32</sup>, maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) isteach sa chomhshaol sa chomhshaol, ***forbraíodh*** teicnící géanómaíocha nua (TGNanna), go nótáilte teicnící modhnaithe géanóim lena gcumasaítear athruithe a dhéanamh ar an ngéanóm ag suíomhanna beachta.

---

<sup>32</sup> Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

---

<sup>32</sup> Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/163

**Leasú 163**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(1 bis) Cuirtear úsáid plandaí arna modhnú le teicnící nua géanómaíocha i láthair mar réiteach chun talmhaíocht na hEorpa a chur in oiriúint do na dúshlán atá ann faoi láthair, ar chostas rioscaí don tsláinte agus don bhithéagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann nach bhfacthas a leithéid cheana. Tá an rialachán seo ag teacht salach ar phrionsabal an réamhchúraim agus neartaíonn sé dianmhúnla talmhaíochta creachach d'fheirmeoirí na hEorpa.*

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/164

**Leasú 164**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(1 ter) Chun a áirithiú go mairfidh feirmeoirí faoi dhíon ina gcuid oibre, tá géarghá le corrlaigh miondíoltóirí móra a theorannú agus athchóiriú críochnúil a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta chun tacú leo siúd ar mian leo bogadh i dtreo samhail táirgthe mhalartach atá saor ó leasanna agraithionsclaíocha agus táirgí atá contúirteach dá sláinte, sláinte tomhaltóirí agus sláinte an chomhshaoil. Sa chiall sin, is gá freisin deireadh a chur láithreach le comhaontuithe saorthrádála, lena gcuirtear feirmeoirí chuig an gcaighdeán sóisialta agus éiceolaíoch is ísle mar thoradh ar iomaíocht idirnáisiúnta éagórach.*

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/165

**Leasú 165**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(1 quater) Le Treoir 2001/18/CE, bunáidh creat reachtach maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, lena n-áirítear plandaí a fuarthas trí theicnící nua géanómaíocha, mar a deimhníodh le breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2018. Déantar foráil ann maidir le sásra measúnaithe riosca ríthábhachtach lena n-áirithítear éifeachtacht phrionsabal an réamhchúraithe a leagtar síos in Airteagal 191 CFAE ó glacadh é. Dá bhrí sin, cuireann an Rialachán seo, a thagann ón treoir sin, prionsabal an réamhchúraithe i mbaol, ar prionsabal é a bhí i réim go dtí seo.*

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/166

**Leasú 166**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(1)(d) Féadfaidh an reachtóir, trí bhíthin Airteagal 290 den CFAE, cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhrechtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe de ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú. Sa chiall sin, níor cheart é a bheith indéanta codanna bunriachtanacha áirithe den Rialachán seo a leasú, trí bhíthin gníomh tarmligthe, amhail Iarscríbhinn 1, lena gcinntear na critéir choibhéise chun planda a fhaightear trí theicnící nua géanómaíocha a aicmiú mar chatagóir 1.***

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/167

**Leasú 167**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(1)(e) D'fhéadfadh an fhéidearthacht teicnící géanómaíocha nua a phaitinniú agus torthaí a n-úsáide cur le ceannas na gcuideachtaí ilnáisiúnta síl i gcomparáid le rochtain feirmeoirí ar shíolta. I gcomhthéacs ina bhfuil monaplacht ag cuideachtaí móra cheana féin ar shíolta agus ina bhfuil méadú ag teacht ar an rialú a dhéanann siad ar acmhainní nádúrtha, bhainfeadh cás den sórt sin an tsaoirse gníomhaíochta ar fad d'fheirmeoirí trí iad a dhéanamh spleách ar chuideachtaí príobháideacha. Ar an gcúis sin, tá sé ríthábhachtach cosc a chur ar phaitinní ar na táirgí sin.***

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/168

**Leasú 168**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1 f (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(1)(f) Is orgánaigh ghéinmhodhnaithe iad plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua, mar a mhaíonn go leor eolaithe. Dá bhrí sin, ba cheart na plandaí sin a chumhdach faoi na rialacha Eorpacha uile maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, go háirithe Treoir 2001/18/CE.***

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/169

**Leasú 169**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(2) Is éard is TGNanna ann grúpa éagsúil de theicnící géanómaíocha, agus is féidir gach ceann díobh a úsáid ar bhealaí éagsúla chun torthaí agus táirgí difriúla a bhaint amach. D'fhéadfadh orgánaigh eascairt astu ina bhfuil modhnuithe atá coibhéiseach leis an méid is féidir a fháil trí ghnáthmhodhanna pórucháin nó in orgánaigh ina bhfuil modhnuithe níos casta. I measc TGNanna, tugann an só-ghineas spriocdhírthe agus an cisgineas (lena n-áirítear an t-inghineas) géinmhodhnuithe gan ábhar géiniteach ó speicis neamh-intrasnaithe a ionsá (trasghineas). Is ar linn géinte na bpóraitheoirí a bhraitheann na teicnící sin, agus uirthi sin amháin, i.e. an fhaisnéis ghéiniteach iomlán atá ar fáil le haghaidh an ghnáthphórucháin lena n-áirítear faisnéis ghéiniteach ó speicis plandaí a bhfuil gaol i bhfad amach eatarthu agus ar féidir iad a chrosphóru le teicnící pórucháin ardfhorbartha. Tarlaíonn modhnú/modhnuithe ar an seicheamh DNA ag suíomhanna beachta i ngéanóm orgánaigh de thoradh teicnící só-ghinis spriocdhírthe. De thoradh teicnící cisginis, ionsáitear, i ngéanóm orgánaigh, ábhar géiniteach atá i linn géinte na bpóraitheoirí cheana féin. Is éard is inghineas ann fothacar den chisgineas a fhágann go n-ionsáitear sa ghéanóm cóip**

*scriosta*



*atheagraithe d'ábhar géiniteach atá  
comhdhéanta de dhá sheicheamh DNA nó  
níos mó atá i linn géinte na bpóraitheoirí  
cheana féin.*

Or. fr

**Leasú 170**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil****A9-0014/2024****Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin****Aithris 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(3) Tá taighde poiblí agus príobháideach ar siúl go leanúnach ar TGNanna a úsáid a raon níos leithne de bharr agus de thréithe i gcomparáid leis na barra agus leis na tréithe sin a fhaightear trí theicnící trasghéineacha a údaraítear san Aontas nó ar bhonn domhanda <sup>33</sup>. **Áirítear leis sin plandaí ag a bhfuil lamháltas nó frithsheasmhacht fheabhsaithe in aghaidh galair phlandaí agus lotnaidí, plandaí ag a bhfuil lamháltas nó frithsheasmhacht fheabhsaithe in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide agus struis chomhshaoil, éifeachtúlacht fheabhsaithe ó thaobh na gcothaitheach agus na húsáide uisce, plandaí ag a bhfuil táirgeachtaí agus frithsheasmhacht níos airde agus saintréithe cáilíochta feabhsaithe. Leis na cineálacha plandaí nua sin, in éineacht le hinfheidhmeacht measartha éasca agus tapa na dteicnící nua sin, d'fhéadfaí tairbhí a sholáthar d'fheirmeoirí, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Dá réir sin, tá an acmhainneacht ag TGNanna rannchuidiú le spriocanna nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip<sup>34</sup> agus na Straitéisí 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'<sup>35</sup>, na Bithéagsúlachta <sup>36</sup> agus um an Oiriúnú don Athrú Aeráide<sup>37</sup>, leis an tslándáil bia dhomhanda<sup>38</sup>, leis an Straitéis Bhithgheilleagair<sup>39</sup> agus le huathriail**

(3) Tá taighde poiblí agus príobháideach ar siúl go leanúnach ar TGNanna a úsáid a raon níos leithne de bharr agus de thréithe i gcomparáid leis na barra agus leis na tréithe sin a fhaightear trí theicnící trasghéineacha a údaraítear san Aontas nó ar bhonn domhanda <sup>33</sup>.

---

<sup>33</sup> Léargais agus réitigh a eascraíonn as tionscadail taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas i leith straitéisí pórúcháin plandaí, féadfaidh siad cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le brath, an inrianaitheacht agus an bharántúlacht a áirithiú, agus an nuálaíocht a chur chun cinn i réimse na dteicnicí géanómaíocha nua. Cistíodh breis agus 1 000 tionscadal faoin Seachtú Clár Réime agus faoin gclár comharba Fís 2020, agus infheistíocht de bhreis agus 3 bhiliún Euro i gceist. Tá tacaíocht ó Fhís Eorpach do thionscadail taighde chomhoibríocha maidir le straitéisí pórúcháin plandaí ar siúl go leanúnach freisin, SWD(2021) 92.

***<sup>34</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’, COM/2019/640 final.***

***<sup>35</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cóir, sláintiúil agus neamhdhiobhálach don chomhshaol’, COM/2020/381 final.***

***<sup>36</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol, COM/2020/380 final.***

***<sup>37</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal ‘An Eoraip***

---

<sup>33</sup> Léargais agus réitigh a eascraíonn as tionscadail taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag an Aontas i leith straitéisí pórúcháin plandaí, féadfaidh siad cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le brath, an inrianaitheacht agus an bharántúlacht a áirithiú, agus an nuálaíocht a chur chun cinn i réimse na dteicnicí géanómaíocha nua. Cistíodh breis agus 1 000 tionscadal faoin Seachtú Clár Réime agus faoin gclár comharba Fís 2020, agus infheistíocht de bhreis agus 3 bhiliún Euro i gceist. Tá tacaíocht ó Fhís Eorpach do thionscadail taighde chomhoibríocha maidir le straitéisí pórúcháin plandaí ar siúl go leanúnach freisin, SWD(2021) 92.

*a fhorbairt sa tslí go mbeidh sí athléimneach – Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide’ COM(2021) 82 final*

*<sup>38</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú, COM (2022) 133 final; Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), 2022, Gene editing and agrifood systems [An modhnú géanóim agus córais agraibhia], an Róimh, ISBN 978-92-5-137417-7.*

*<sup>39</sup> An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta - Bithgheilleagar inbhuanaithe don Eoraip - An nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú: straitéis bhithgheilleagair nuashonraithe, Oifig na bhFoilseachán, 2018, <https://data.europa.eu/doi/10.2777/792130>*

*<sup>40</sup> Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach, COM(2021)66 final.*

Or. fr

31.1.2024

A9-0014/171

**Leasú 171**

**Marina Measure, Manon Aubry, Leila Chaibi**  
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil**

**A9-0014/2024**

**Jessica Polfjärd**

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha  
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(3)(a) Cuireann líon méadaitheach grúpaí sainleasa úsáid TGNanna i láthair mar réiteach chun talmhaíocht na hEorpa a chur in oiriúint do dhúshláin aeráide agus d'iomáiocht idirnáisiúnta, ar chostas rioscaí sláinte agus bithéagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Thairis sin, ní féidir dul chun cinn sa bhith-theicneolaíocht le blianta beaga anuas a bheith ina réiteach ar fhadhbanna struchtúracha na heagraíochta eacnamaíche, amhail bochtadh méadaitheach feirmeoirí, cliseadh na bithéagsúlachta, téamh domhanda, gortai nó forbairt zónóisi.**

Or. fr